Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Samhain 2022
(OR. en)

14165/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0294 (NLE)**

ECOFIN 1113
FIN 1160
UEM 306

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1351 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Laitvia chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála a d'eascair as ráig COVID-19<br>- Glacadh |

1. Le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19[1] (dá ngairtear 'Rialachán SURE' anseo feasta) leagtar síos an creat lena gcuirfear ar chumas an Aontais cúnamh airgeadais a chur ar fáil do Bhallstáit atá faoi shuaitheadh eacnamaíoch tromchúiseach nó a bhfuil dianbhagairt orthu de bharr ráig COVID-19, go príomha maidir le scéimeanna oibre gearr-ama a mhaoiniú nó bearta comhchosúla atá dírithe ar fhostaithe agus daoine féinfhostaithe agus, mar chuid choimhdeach, roinnt beart a bhaineann leis an tsláinte a chosaint.

2. I gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán SURE, táthar le cúnamh airgeadais a chur ar fáil trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle arna ghlacadh ar bhonn togra ón gCoimisiún.

[1] IO L 159, 20.5.2020, lgh. 1–7

3. Tugadh tacaíocht shealadach don Laitvia faoi Rialachán SURE le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1351 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020[2]. Leithdháileadh tacaíocht SURE bhreise le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/677 ón gComhairle an 23 Aibreán 2021 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1351[3].

4. Tar éis iarraidh ar chúnamh airgeadais breise faoi Rialachán SURE a fháil ón Laitvia an 6 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún, an 21 Deireadh Fómhair 2022, togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán SURE do Phoblacht na Laitvia (13940/22).

5. Scrúdaíodh an togra thuasluaite ag Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an 25 Deireadh Fómhair 2022.

6. Is féidir a mheas anois go bhfuil an obair ullmhúcháin theicniúil críochnaithe, agus féadfar dréacht-téacs leasaithe an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chur faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh go foirmiúil.

7. Ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhréir leis an tríú fomhír d’Airteagal 297(2) CFAE agus le hAirteagal 18(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, go bhfuil an cinneadh seo ón gComhairle, a luaithe a ghlacfar é, le cur in iúl don Bhallstát a bhfuil sé dírithe chuige, ag Ardrúnaí na Comhairle.

8. De bhun Airteagal 122(2) CFAE, ba cheart d’Uachtarán na Comhairle Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoin gcinneadh cur chun feidhme seo ón gComhairle.

---

[2] IO L 314, 29.9.2020, lgh. 10–12
[3] IO L 144, 27.4.2021, lgh. 7–11

9. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1351 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Laitvia chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála a d'eascair as ráig COVID-19, mar a leagtar amach in 13941/22 é, agus
- a mholadh don Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme thuasluaite ón gComhairle a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.